

Forfheidhmiú & Monatóireacht

9.1	Réamhrá	362
9.2	Céimniú	362
9.3	Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha	363
9.4	Breis Acmhainní Maoinithe	363
9.5	Ranníocaíochtaí Forbartha	364
9.6	Forfheidhmiú Pleanála	369
9.7	Monatóireacht & Athbhreithniú	371



9.1 RÉAMHRÁ

Is í príomh fheidhm an Phlean Forbartha Contae ná forbairt agus úsáid na talún sa Chontae a chur chun cinn, a éascú agus a threorú. Bainfear úsáid as an bPlean Forbartha Contae mar bhonn chun cinntí infheistíochta a threorú don earnáil phoiblí agus phríobháideach araon. Tá ról lárnach ag Comhairle Contae na Mí i bhforfheidhmiú a polasaithe agus cuspóirí atá san áireamh sa Phlean Forbartha seo mar an Ghníomhaireacht Forbartha ceannaireachta agus chomh maith leis sin ina ról maighdeogach mar ‘chumasóir’. Tá a cuid iarrachtaí srianta ag acmhainní teoranta áfach. Tá an fachtóir seo mar bhunús don gá chun acmhainní daonna agus airgeadúla araon a uasmhéadú, i measc eagraíochtaí agus daoine aonair eile. Tá gnóthú na gcuspóirí sainiúla atá sa Phlean Forbartha ag brath ar acmhainní agus méid fhoinsí airgeadúla féideartha, lena n-áirítear cláir agus deontais AE éagsúla, an Rialtas Náisiúnta, an tÚdarás Áitiúil féin agus an Earnáil Phríobháideach. Iarrfaidh an tÚdarás Áitiúil ar fhorbróirí cuspóirí an phlean seo a ionchorprú, lena n-áirítear na cinn siúd a bhaineann le soláthar an bhonneagair fhisicigh agus sóisialaigh, ina gcuid tograí forbartha indibhidiúla. Beidh an mion-chreatlach polasaí áitiúil trína ndéanfar tograí forbartha indibhidiúla a mheas i lárionaid uirbeacha laistigh de na Pleananna Ceantair Áitiúla éagsúla agus Pleananna Forbartha na hUaimhe, an Cheannais agus Bhaile Átha Troim a ullmhófar go leithliseach. Cuirfear na pleananna ag leibhéil níos ísle seo ar an eolas ag an Straitéis Forbartha atá sa Phlean Forbartha Contae seo. Beidh maoiniú agus tacaíocht an Rialtais de dhíth ó chuspóirí eile, go háirithe príomh eilimintí bonneagracha fisiceacha.

D’fhéadfadh srian a bheith ar fhorfheidhmiú Phlean Forbartha toisc roinnt mhaith eilimintí, is iad sin an aeráid eacnamaíoch, tacaíocht pholaitiúil, maoiniú an Údarás Áitiúil a chuireadh ar leith, agus infhaighteacht an mhaoinithe ó fhoinsí eile. Ciallaíonn nádúr an Phlean Forbartha reachtúil nach bhfuil aon bhuiséad aontaithe roimh ré agus mar sin nach ráthaítear aon mhaoiniú de tionscadail nó forfheidhmiú na gcuspóirí atá sa phlean. Mar sin féin, tá sé ar intinn ag an Údarás Áitiúil a chuid cumhachtaí dlíthiúla go léir a chur i bhfeidhm d’fhonn a chinntiú go gcuirtear na cuspóirí i bhfeidhm. Bíonn úsáid na gcumhachtaí fála éigeantacha san áireamh leis seo chun gnóthú na gcuspóirí atá sa Phlean Forbartha seo a éascú agus a dhaingniú.

Tá a lán tograí leagtha amach sa Phlean seo nach mbeidh de fhreagracht nó rialú díreach na Comhairle. Go bunúsach tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta freagrach as leathnú na n-áiseanna oideachais, ag leibhéal na bunscolaíochta, na meánscolaíochta nó tríú leibhéal mar shampla, cé go dtagann soláthar na seirbhíse bun níos minicí le háiseanna níos fearr do phaisinéirí faoi choimirce Bus Éireann. Cé go ndéafaídh an Chomhairle gach iarracht chun bonneagar agus áiseanna sóisialta, pobail agus iompair a éascú, ní hí soláthraí díreach a leithéid de seirbhísí i ngach cás.

9.2 CÉIMNIÚ

Tá sé mar chuspóir de chuid an Údarás Phleanála forfheidhmiú an Phlean Forbartha a chur chun cinn i gcur chuige réasúnach seicheamhach atá ar aon dul leis an straitéis forbartha beartaithe, agus chun a chinntiú go bhfuil áiseanna riachtanacha (cosúil le bonneagar bóithre, uisce, séarachas, bonneagar sóisialta agus pobail, srl.) daingnithe agus i bhfeidhm i gcomhthráth leis na tionscadail forbartha beartaithe. Cáilítear é seo i mórán cásanna de bharr an riachtanas chun Pleananna Ceantair Áitiúla nó Pleananna Creatlaí a ullmhú mar réamhriachtanas ar fhorbairt. Ina theannta sin, tá nó beidh na ceantair chriosaithe go léir, faoi réir scéimeanna soláthair uisce agus draenála fuíolluisce. Tá cuid dóibh seo ag céimeanna luath na pleanála cé go bhfuil cuid eile acu i gcéim níos airde. Socraíonn an seicheamh lena gcuirtear nó lena gcuirfear na scéimeanna seo chun cinn, seicheamh agus céimniú na forbartha.

Laistigh d'fhorbairtí ar scála mór, nó nuair a mholtar bonneagar príomha (i. tograí bóithre a aithníodh ar Léarscáil na gCuspóirí Forbartha), d'fhéadfaí forbairt a chéimniú chun cheangail isteach leis na scéimeanna nó tionscadail seo. Tá sé de cheart ag an Údarás Áitiúil forbairt a dhiúltú ar an mbonn nach bhfuil an soláthar bonneagair curtha i gcrích.

9.3 COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ POIBLÍ PRÍOBHÁIDEACHA

Is é atá i gceist le Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach (CPP) ná comhaontú comhpháirtíochta idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil poiblí le haghaidh seachadadh tionscadal sainiúla a bhaineann le seirbhísí agus bonneagar poiblí. Is féidir lena leithéid de chur chuige tiomantas do mhaoiniú a chinntiú toisc cúnaimh idircheangailte poiblí agus príobháideach, agus is í an aidhm atá aige ná an modh forbartha is éifeachtaí go heacnamaíoch a chinntiú. Is féidir le hoideachas, seirbhísí áitiúla, sláinte, tithíocht, iompar poiblí, bóithre, dramhaíl sholadach, uisce / fuíolluisce agus seirbhísí poiblí eile leas a bhaint as cur chuige de CPP.

Rachfar sa tóir ar chur chuigí comhpháirtíochta eile in éineacht le heagraíochtaí stáit agus poiblí eile, ar nós Comhairle Spóirt na hÉireann (faoina tionscanamh déanaí chun líonra náisiúnta chomhpháirtíochtaí spóirt nua a chruthú chun freastal ar riachtanais an spóirt ag leibhéal áitiúil), Bord Fáilte agus An Chomhairle Ealaíon.

9.4 BREIS ACMHAINNÍ MAOINITHE

Tá Scéimeanna Athnuachana Uirbeacha, an clár RAPID, Scéim NeighbourWood, Maoiniú Áiseanna an Chrannchuir Náisiúnta, Creatlach Tacaíochta Pobail, chomh maith le meicníochtaí maoinithe eile atá ar fáil ó Ranna Rialtais éagsúla, san áireamh i gclár bhreise ag leibhéal náisiúnta agus AE. Tá critéir éagsúla ag comhlachtaí dá leithéid maidir le cineál na bhforbairtí lena tugann siad maoiniú agus d'fhéadfadh go mbeadh sé úsáideach breathnú ar seo i ngnóthú na gcuspóirí forbartha.

Deontais Athnuachana Uirbeacha agus Sráidbhaile

Déantar an scéim deontais seo a riaradh ag an Roinn Comhshaoil, Oidreachta agus Rialtais Áitiúil faoin mbeart um Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhaile den Chlár Feidhme Réigiúnach 2002 - 2006 (an plean reatha ag an am a ullmhaíodh an plean). Is scéim deontais í d'Údarás Áitiúla chun feabhsuithe comhshaoil a dhéanamh.

Clár RAPID (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt)

Tagann infheistíocht don chlár seo faoi shainchúraim an Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN). Díreann ar bhailte sainiúla (agus ar cheantair laistigh de bhailte níos mó) le haghaidh athnuachan / athbheochan. Tá an bhéim ar phobail atá in ísle brí / díothacha agus nár bhraith rathúnas déanaí na hÉireann ina iomlán. Oibreoidh comhordaitheoir speisialta do gach bhaile le Foireann Forfeidhmithe Ceantair, a áireoidh cónaitheoirí agus gníomhaireachtaí eastáit áitiúla, chun Plean Gníomhaíochta Ceantair a chur le chéile do na bailte d'fhonn a gcuid riachtanais a aithint. Cuirfear na ceantair sprioctha in ord tosaíochta ansin ar mhaithe le hinfeistíocht agus forbairt i roinnt príomh réimsí, lena n-áirítear sláinte, oideachas, tithíocht, áiseanna cúraim leanaí agus pobail. Nuair atá athghiniúint na gceantar seo á mheas, breathnófar ar chuspóirí sainiúla laistigh den Phlean Forbartha chomh maith. Déantar Clár RAPID, de réir mar atá infheidhmithe i leith na hUaimhe, a phlé i Rannóg 7.4.12.

Scéim NeighbourWood

Tá an scéim seo á mhaoiniú faoin PFN tríd an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus tá sé d'aidhm aici coillearnacha a fhorbairt laistigh den chomhshaol uirbeach chun freastal ar an daonra áitiúil. Is féidir le scála na gceantar coillearnaí beartaithe dul in éagsúlacht ó pháirceanna áitiúla laistigh de cheantair chónaitheacha, go ceantair choillearnaí níos mó atá suite le hais an imill uirbigh nó i gcriosanna glasa, chomh maith le coillearnacha eiseacha atá suite lasmuigh de bhailte agus sráidbhaile agus in úsáid ag pobail áitiúla le haghaidh áineas agus conláiste. Is féidir an scéim seo a úsáid chun coillearnach nua a fhorbairt ar chodanna suíomh a aithníodh le haghaidh tithíocht sa todhchaí, ag bunú áiseanna conláiste do chónaitheoirí amach anseo mar sin. Cuireann an Scéim NeighbourWood maoiniú ar fáil do trí ceantar, is iad sin, do bhunú na gcoillearnach is againne, feabhsú na gcoillearnach eiseacha, agus suiteáil na n-áiseanna áineasa i gcoillearnacha nua nó eiseacha.

An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

Trí mheán infhaighteacht Maoinithe Áiseanna an Chrannchuir Náisiúnta, déanann an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireacht an Clár Caipitil Spóirt a riar. Cuireann an clár seo maoiniú ar fáil d'eagraíochtaí spóirt agus pobail dheonacha ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta i dtreo soláthair na gclár spóirt agus áineasa. Ligeann Scéim na n-Áiseanna Áineasa d'eagraíochtaí pobail deonacha tuilleadh feabhais a chur ar áiseanna áineasa, fóillíochta agus pobail agus iad a fheistiú. Is foinse maoinithe luachmhar é an comhlacht seo ina chuid tacaíochta d'eagraíochtaí pobail agus d'fhorbairt na n-áiseanna spóirt / áineasa, le haghaidh an forfheidhmiú de chuspóirí áise áineasa agus pobail. Tugann an Roinn seo tacaíocht do Thascfhórsaí Drugaí Áitiúla chomh maith agus do fhreagraí ar shaincheist na drugaí atá pobal-bhunaithe.

Gníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine

Cuireann an Gníomhaireacht seo, a thagann faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, maoiniú ar fáil do ghrúpaí deonacha agus pobail atá bainteach le hobair fhrithbhochtaineachta.

Cistí Struchtúrtha AE

Aithníonn an clár seo roinnt réimsí le haghaidh maoiniú, arb iad Ciste Forbartha Réigiúnach na hEorpa agus Ciste Sóisialta na hEorpa dhá cheann dóibh. Tá clár ar leith ann chomh maith, atá páirt mhaoinithe ag na cistí struchtúrtha a dtugtar Tionscnaimh Phobail orthu. Is féidir le clár AE dá leithéid a bheith mar fhoinse luachmhar na hinfheistíochta trínar féidir polasaithe agus cuspóirí sainiúla, de réir mar a aithníodh sa phlean seo, a chur i bhfeidhm.

D'fhéadfadh a lán clár eile, in éineacht leo siúd atá liostaithe thuas, a bheith luachmhar maidir le forfheidhmiú agus maoiniú an Phlean Forbartha seo. Tá sé beartaithe go ndéanfar gníomhaireachtaí éagsúla, lena n-áirítear grúpaí deonacha, institiúidí gairmiúla, comhlachtaí poiblí agus príobháideacha, agus eagraíochtaí eile a spreagadh chun páirt a ghlacadh, aon am is féidir, i bhforfheidhmiú na bpolasaithe agus gcuspóirí den phlean seo.

9.5 RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA

Meastar go bhfuil sé réasúnach go n-íofar ranníocaíochtaí i leith infheistíochta Údaráis Áitiúil i soláthar na seirbhísí agus bonneagair, ag forbróirí a bhaineann leas óna leithéid de sholáthar. Ligeann Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Fhorbairt 2000 d'Údaráis Phleanála Scéim Ranníocaíochtaí Fobartha Ginearálta a ullmhú agus a uchtú maidir le bonneagar agus áiseanna poiblí arna sholáthar ag, nó thar ceann an Údaráis Áitiúil a bhaineann leas as forbairt ina gceantar féin.

Déantar na nithe seo a leanas a shainmhíniú mar áiseanna agus bonneagar poiblí in Alt 48:

- Talamh a fháil;
- Soláthar na spásanna oscailte, áiseanna áineasa agus pobail agus conláistí agus oibreacha tírdhreacha;
- Soláthar na mbóithre, carrchlós, áiteanna páirceála, áiseanna cóireála uisce agus fuíolluisce,
- Soláthar na mórlánaí agus lánáí bus, áiseanna acomhail bhus (lena n-áirítear carrchlóis do na háiseanna sin), bonneagar chun iompar poiblí a éascú, áiseanna rothar agus coisithe, agus bearta ceansaithe tráchta;
- Athchóiriú, uasghrádú, méadú nó athchur na mbóithre, carrchlós, áiteanna páirceála, séaraigh, áiseanna cóireála uisce agus fuíolluisce, draenacha nó príomhlíonraí uisce, agus;
- Aon fo-ábhair don mhéid atá thuas.

Tá Comhairle Contae na Mí i dteideal, de bhun Alt 48, nuair atá cead pleanála á bhronnadh aici, coinníollacha a chur leis ag iarraidh ar ranníocaíocht a bheith íoctha i leith bhonneagair agus áiseanna poiblí a bhaineann leas as forbairt ina gceantar riaracháin agus atá á sholáthar, nó le bheith soláthartha, acu féin nó ar a shon (ar neamhaird le foinsí maoinithe eile don bhonneagar agus áiseanna).

D'uchtaigh Comhairle Contae na Mí an 'County Meath Development Contributions Scheme' ar 1ú Márta 2004. Cé gur féidir leis an Scéim fanacht i bhfeidhm ar feadh tréimhse 6 bliana, is dóchúil go ndéanfar an Scéim seo a athbheithniú tar éis an Plean Forbartha seo a uchtú i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá ionchorpraithe isteach sa Scéim. Tá 'County Meath Development Contributions Scheme' ar fáil le haghaidh iniúchadh i Roinn Pleanála Chomhairle Contae na Mí agus ar shuíomh gréasáin na Comhairle (www.meath.ie). Déantar leibhéal na ranníocaíochtaí a nuashonrú i mí Márta gach bhliain i gcomhréir leis na Pragas-Treoracha Mórdhiola um Thógáil & Fhoirgníocht arna fhoilsiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Tá aicmí an bhonneagair agus áiseanna phoiblí lena bhfuil ranníocaíochtaí iníoctha i gContae na Mí faoin scéim reatha nuair a scríobhadh é seo leagtha amach i dTábla 28.

Tábla 28 : Leibhéal na Ranníocaíochtaí Forbartha (2007)

Catagóir na Forbartha	Achar Urláir	Ranníocaíocht
Maoin Chónaitheach (Talamh Críosaithe) in aghaidh an aonaid		
	≤ 95 méadar cearnach	€11,551.42
	96 – 110 méadar cearnach	€12,651.55
	111 – 140 méadar cearnach	€13,751.68
	141 – 199 méadar cearnach	€14,851.81
	≥ 200 méadar cearnach	€16,502.02
Ceantair Tuaithe - Tithe Aonaracha		
Suíomh gan Seirbhísí		
	≤ 150 méadar cearnach	€4,180.52
	151 – 199 méadar cearnach	€8,361.02
	≥ 200 méadar cearnach	€10,011.24
Soláthar Uisce Píopaí Amháin		
	≤ 150 méadar cearnach	€6,292.78
	151 – 199 méadar cearnach	€10,473.28
	≥ 200 méadar cearnach	€12,123.50
Suíomh le Seirbhísí Iomlána - Soláthar Uisce & Séarachas		
	≤ 150 méadar cearnach	€10,671.31
	151 – 199 méadar cearnach	€14,851.81
	≥ 200 méadar cearnach	€16,502.03
Gráigeanna - Tithe Aonaracha		
Suíomh gan Seirbhísí		
	≤ 150 méadar cearnach	€3,630.45
	151 – 199 méadar cearnach	€7,260.89
	≥ 200 méadar cearnach	€10,011.24
Soláthar Uisce Píopaí Amháin		
	≤ 150 méadar cearnach	€5,742.71
	151 – 199 méadar cearnach	€9,373.15
	≥ 200 méadar cearnach	€12,123.50
Suíomh le Seirbhísí Iomlána - Soláthar Uisce & Séarachas		
	≤ 150 méadar cearnach	€10,121.24
	151 – 199 méadar cearnach	€13,751.68
	≥ 200 méadar cearnach	€16,502.03
Forbairt Neamhchónaitheach		
Miondíol / Miondíol Trádstóráil / Maoin Tráchtála 1 in aghaidh an mhéadair chearnaigh		€77.00
Forbairt Ósta		€55.01
Déantúsaíocht Tionsclail / Trádstóráil / Maoine Trádstórála Calafoirt in aghaidh an mhéadair chearnaigh		€27.51

Stóráil Oscailte / Spás Stórála Tráchtála le Dromchla Crua / Calafóirt Oscailte 2 in aghaidh an mhéadair chearnaigh	€22.01
Forbairt Talmhaíochta lena n-áirítear stáblaí / conchróite in aghaidh mhéadair chearnaigh	€22.01
Cumann Gailf / Dhá mhaide in aghaidh an heicteáir	€550.07
Eastóscadh / Líonadh Talún / Míntíriú 3	Socraithe ag Ranníocaíochtaí Speisialta

- Baineann maoin tráchtála do sholáthar áitribh ghnó lena n-áirítear:
 - Aon struchtúr nó talamh eile a úsáidtear de ghnáth le haghaidh leanúint an fheidhmithe d'aon ghnóthas gairmiúil nó tráchtála, gnóthas oifige san áiream,
 - Óstán, bialann nó teach tábhairne,
 - Aon struchtúr nó talamh eile a úsáidtear ar mhaithe le, nó i dtaca le, feidhmeanna údaráis stáit,
 - Áiseanna feighlíochta leanaí,
 - Ionad cúraim lae,
 - Teach aíochta nó áitribh eile a chuireann lóistín aoi thar oíche ar fáil, club, teach lóistín nó brú.
 - Club Oíche / Halla Rince
 - Siopa nó ollmhargadh,
 - Scoil nó Coláiste, agus,
 - Teach altranais, ospidéal nó lárionad sláinte.
- Áirítear úsáid na talún le haghaidh páirceáil mhótarfheithiclí, stóráil oscailte na mótarfheithiclí nó ábhair eile agus coinneáil nó lonnú aon phubail, cairr champála, carbháin nó struchtúir eile. Ní bhaineann an catagóir seo le spás stórála cruu agus áiseanna páircála a chuireadh ar fáil go coimhdeach d'fhorbairt ar leith.
- Ní mheastar go bhfuil úsáid na talún d'aimsiú agus oibriú na mianraí, lena n-áirítear cairéil nó diúscairt bruscair, dramhaíola nó míntíriú le bheith oiriúnach d'iniamh sa Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha Ginearálta. Déanfar gach iarratas pleanála a mheas de réir a thuillteanais féin agus socrófar leibhéal na ranníocaíochta ar bhonn na Ranníocaíochta Forbartha Speisialta atá faoi iamh le cead pleanála. Déanfar leibhéal na ranníocaíochta seo a shocrú le meas ar thionchar díreach na forbartha beartaithe ar bhonneagar a chuirtear ar fáil go poiblí, fheabhsuithe do bhonneagar na mbóithre chun freastal ar fhorbairt, tonáiste measta in aghaidh na bliana, bealach carraeireachta na n-ábhar dóchúil chuig agus ó suíomh, srl. Níl sé beartaithe foirgnimh nó gléasraí atá bainteach leis an bhforbairt inlíoanta nó eastósctha ábhartha a mheas faoi théarmaí na Scéime seo.

Páirceáil

I dteannta leis a luadh thuas, nuair nach féidir páirceáil a chur ar fáil i gcomhréir leis an bPlean Forbartha nó bPlean Ceantair Áitiúil ábhartha, beidh an ranníocaíocht seo a leanas le híoc don easnamh: €7,000 in aghaidh an spáis nuair nach bhfuil páirceáil íoctha i bhfeidhm / beartaithe agus €5,000 in aghaidh an spáis nuair atá páirceáil íoctha i bhfeidhm / beartaithe. Bainfidh sé seo do gach baile / sráidbhaile, más cuí.

Ní bheidh gearradh na ranníocaíochtaí páirceála nuair nach féidir páirceáil a sholáthar ar an láthair i gcomhréir le caighdeán an Phlean Forbartha ábhartha, i bhfeidhm ach amháin nuair atá tograí cinnte arna dhéanamh ag an Údarás Áitiúil ábhartha chun páirceáil charrchlóis a sholáthar.

Bainfidh ríomh na ranníocaíochtaí maidir le heasnaimh i gcaighdeáin pháirceála leis an oll-achar talún an fhoirgnimh (na bhfoirgneamh) agus ní áiríonn sé ceantair páirceála íoslaigh.

Díolúintí

Ligeann Alt 48 (3)(C) den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000 do laghdú sna ranníocaíochtaí nó gan aon ranníocaíochtaí i gcásanna áirithe faoi téarmaí na scéime. Déan tagairt do Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha Chontae na Mí le haghaidh sonraí na ndíolúintí atá i bhfeidhm faoi láthair.

I dteannta le coinníollacha ranníocaíochta airgeadais a chur leis i gcomhréir le hAlt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 de réir mar atá imlínithe thuas, is féidir leis an tÚdarás Pleanála scéimeanna ranníocaíochta forbartha forlíontacha a ullmhú (Alt 49). Is féidir scéimeanna dá leithéid a ullmhú le haghaidh seirbhísí nó tionscadail bonneagracha poiblí ar leith.

Ónar uchtaíodh an Scéim Ranníocaíochta Forbartha Chontae i 2004, tugadh tiomantas agus formheas maidir leis an iarnród (Luas) Cluain Saileach - Dún Búinne. Tá an tionscadal amhlaidh mar atá leagtha amach sa 'Staidéar Féidearthachta Chluain Saileach - Iarnród Acomhail M3 (Iarnród Éireann Eanáir 2005). Go fírinneach is é atá ann ná iarnród dériain (7.5 ciliméadar) ó Stáisiún Chluain Saileach go dtí Luas, stáisiún nua ag Luas agus Hansfield, uasghrádú stáisiún eiseacha agus iar-stáisiún i gCluain Saileach agus Dún Búinne, sealbhú chairr ráillí díosail agus tógáil áise Loc agus Taistil ina mbeidh 1,200 spás ann i Luas.

Tá an soláthar d'iompar poiblí cáilíochta ríthábhachtach do pholasaí an Rialtais chomh maith i leith forbairt inbhuanaithe de réir mar atá sainithe sa cháipéis Rialtais 'Sustainable Development - a Strategy for Ireland' agus sa Straitéis de chuid Oifig Iompair Átha Cliath - 'Platform for Change'.

Ullmhaíodh scéim Section 49 ag comhairleoirí do Chomhairle Contae na Mí agus do Chomhairle Contae Fhine Ghall le chéile agus uchtaíodh í ag Comhairle Contae na Mí i 2006. Ní bheidh ach na tailte siúd laistigh de ga 1 ciliméadar ón iarnród beartaithe, de réir mar atá imlínithe ar an léarscáil a ghabhann leis an scéim, faoi réir na scéime Section 49.

Ba é seo a leanas méid na ranníocaíochta le bheith íoctha faoin scéim beartaithe seo (praghsanna Eanáir 2006): -

- Cónaitheach - €144,700 in aghaidh an ollheicteáir
- Tráchtáil - €329,900 in aghaidh an ollheicteáir

Méadóidh na méideanna san alt seo ar 1 Eanáir gach bhliain faoin ráta úis iolraithe de 5% in aghaidh na bliana. Ní mór na ranníocaíochtaí a íoc ag an ráta atá i bhfeidhm ag am na híocaíochta.

Ní mór do ranníocaíochtaí a uchtaíodh faoin scéim seo a íoc ar thosach na forbartha, nó ar bhonn céimnithe a aontaíodh le Comhairle Contae na Mí. Má dhéantar íocaíocht a chéimniú méadóidh an t-iarmhéid atá gan íoc faoin ráta in alt 7 thuas. Mura ndéantar íocaíocht nuair atá sé dlite, fabhróidh ús ar an iarmhéid atá gan íoc ag an ráta atá sainithe i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, nó aon dhlí a théann ina áit.

Tá na forbairtí seo a leanas saor ó ranníocaíochtaí faoin scéim seo:

- Síntí teaghlaigh;
- Árasáin teaghlaigh a chaithfidh a úsáid mar aonad teaghlaigh mar choinníoll;
- Foirgnimh phoiblí ar nós scoileanna agus lárionaid óige / phobail;
- Forbairtí ag eagraíochtaí a bhfuil díolúine acu ó cháin ioncaim agus cháin chorparáide faoi Alt 20 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 agus a bhfuil teastas díolúine acu faoi láthair ó na Coimisinéirí Ioncaim, agus;
- Forbairtí áineasa allamuigh ar scála mór ar nós cúrsaí gailf, páirceanna imeartha agus coimpléisc leadóige, ach gan foirgnimh agus áiseanna coimhdeacha san áireamh.

Gheobhaidh Comhairle Contae na Mí na ranníocaíochtaí atá le déanamh faoin scéim seo, agus íocfaidh sí iad chuig Iarnród Éireann i gcomhréir leis an gcomhaontú a rinneadh tagairt dó thuas. Ar feitheamh ar chríochnú an chomhaontaithe sin, coimeádfaidh Comhairle Contae na Mí na ranníocaíochtaí a bailíodh agus infheistíodh sí iad le comhlacht infheistíochta a roghnaíodh ar mhaithe le haischuir a uasmhéadú agus riosca a íoslaghdú. Déanfar na ranníocaíochtaí seo agus an t-ús a íoc do Iarnród Éireann nuair a chuirtear an comhaontú i gcrích. Déanfaidh an comhaontú le Iarnród Éireann foráil chun nár féidir leis an airgead a fhaigheann Comhairle Contae na Mí faoin scéim seo a úsáid ach don Tionscadal.

Má théann Comhairle Contae na Mí isteach i gconradh i dtreo is go ndéanfar forbairt thar a ceann, nó i gcomhar le nó i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae na Mí, agus más forbairt díolúnach í an fhorbairt mar thoradh air seo faoi Alt 4(1)(f) den Acht um Pleanáil, ní mór don chonradh iarr ar an bhforbróir na ranníocaíochtaí céanna a dhéanamh agus a bheadh de dhíth faoin scéim seo dá mbeadh cead pleanála ag an bhforbairt.

9.6 FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

Déileálann forfheidhmiú pleanála le forbairtí / úsáidí ina bhfuil an fhorbairt / úsáid ag sárú dlíthe pleanála agus mar sin, gur forbairt neamhúdairithe í. Beidh sé fós mar pholasaí Chomhairle Contae na Mí na cumhachtaí go léir a bhronnadh uirthi de réir dlí a úsáid chun a chinntiú nach dtarlaíonn forbairt ach amháin le leas an cheada pleanála bailí agus go gcloítear sa bhforbairt leis na coinníollacha go léir a bhaineann leis na ceadanna pleanála. Tá cumhachtaí ag an Údarás Pleanála faoi na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt 2000 - 2006, chun gníomh forfheidhmithe a ghlacadh nuair a sháraíonn forbairt (oibreacha nó úsáidí) na dlíthe pleanála agus mar sin, má mheastar iad le bheith neamhúdairithe. Ionchorpraíonn na forálacha forfheidhmithe atá san Acht um Pleanáil & Forbairt 2002 an prionsabal 'íoc mar a thruaillítear'. Má tá forbairt neamhúdairithe déanta ag duine, beidh orthu íoc as costais an Údaráis Phleanála d'imscrúdú an tsáraithe agus as an sárú féin.

Cuireann an tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000 córas forfheidhmithe níos sruthlíní ar fáil le ceithre meicníochtaí forfheidhmithe curtha ar fáil le haghaidh:

- Ionchúiseamh Cóiriúil;
- Nós imeachta Fógra Forfheidhmithe roimh ionchúiseamh, nó;
- Gníomh Fhorfheidhmithe cheall géilliúlachta leis an bhFógra Forfheidhmithe, agus;
- Urghaire Pleanála.

9.6.1 Géilliúlacht le Ceadanna a Bronnadh

Ní mór forbairt a dhéanamh agus curtha i gcrích i gcomhréir leis na ceadanna pleanála a bronnadh. I gcásanna a cuireadh tús le forbairt nó nuair atá forbairt á dhéanamh a sháraíonn cead pleanála nó choinníoll an cheada sin, glacfar faoi imeachtaí forfheidhmithe. Iarrfaidh an tÚdarás Pleanála ar bhaint, athrú nó chríochnú na forbartha chun cloí leis an bpleanáil cheart agus leis an bhforbairt cheart den cheantar.

9.6.2 Forbairt Neamhúdraithe

Tá forbairt neamhúdraithe nuair atá:

- Cead pleanála de dhíth agus nuair nach bhfuil sé faighte.
- Tugadh cead pleanála ach níl an fhorbairt á dhéanamh i gcomhréir leis na pleananna a cuireadh isteach nó coinníollacha an cheada pleanála a bronnadh, agus;
- Ní cloíonn sé leis na coinníollacha agus srianta go léir chun go mbeadh forbairt cáilithe mar díolúine.

9.6.3 Forbairt Díolúnach

Is forbairt nach bhfuil cead pleanála de dhíth uirthi í forbairt díolúnach. I gcoitinne, ina measc tá forbairtí de mhion-nádúr ar nós:

- Síneadh, seantán, garáiste, ballaí teorainn srl. a thógáil laistigh de chúirtealáiste tí chónaithe faoi réir coinníollacha agus srianta (féach thíos) agus nach bhfuil srianta ag coinníoll an cheada pleanála.
- Oibreacha nach dtéann i bhfeidhm ach ar an taobh istigh de struchtúr.
- Oibreacha nach dtéann i bhfeidhm ar an gcuma seachtrach an struchtúir, agus;
- Roinnt athruithe úsáide.

Tá lán sonraí na bhforálacha forbartha díolúnacha lena n-áirítear coinníollacha agus srianta i Sceideal 2, Cuid 1-3 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2007 atá le fáil ar www.irishstatutebook.ie.

9.6.3.1 Conas a fhaighim amach cibé an bhfuil cead pleanála tar éis a bheith bronnta ar fhorbairt?

Is féidir leat féachaint ar an gClár Pleanála sna Liostaí Pleanála de chuid na Roinne Pleanála. Is féidir breathnú ar Líníochtaí ag an gCuntar Pleanála Poiblí.

9.6.3.2 Sonraí maidir le Gearán a dhéanamh

Nóta: Ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil é seo ar fhorálacha na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 - 2006 agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 - 2007.

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, ní mór gearán a dhéanamh ar pháir agus is féidir é a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:-

An Rannóg Forfheidhmithe, An Roinn Pleanála,
Comhairle Contae na Mí, Halla an Chontae,
Sráid an Iarnróid, An Uaimh,
Co. na Mí.
Facs: 046-9097001
R-phost: planning@meathcoco.ie

- 9.6.3.3 **Cén eolas a chaithfidh mé a thabhairt agus gearán á dhéanamh agam?**
Láthair an tsuímh, sonraí an tsáraithe amhrasta, aon sonraí atá agat maidir le húinéir nó áititheoir na maoinne, dáta tosaigh na forbartha, d'ainm agus sheoladh agus uimhir gutháin lae.
- 9.6.3.4 **An bhfuil mo ghearán faoi rún?**
Coimeádfar d'ainm agus sheoladh faoi rún daingean ag Comhairle Contae na Mí. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur féidir cóip a lorg de ghearán i gcomhréir leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Is é polasaí Chomhairle Contae na Mí ainm agus seoladh na ngearánaigh a choimeád. Mar sin féin, is féidir cinntí sa chaoi seo a thabhairt faoi achomharc chuig an Coimisinéir Faisnéise.
- 9.6.3.5 **Cad a dhéanfar nuair a fhaightear mo ghearán?**
Eiseofar admháil. Déanfar an gearán a tharchuir don Chigire Pleanála agus déanfar cigireacht suímh. Déanfar tuilleadh gníomhaíochtaí a údarú nuair a fhaightear tuarascáil an Chigire Pleanála.
- 9.6.3.6 **Cén fhad a thógfaidh sé cigireacht a dhéanamh ar mo ghearán?**
Ní mór cigireacht a dhéanamh ar ghearáin scríofa laistigh de 6 seachtaine.
- 9.6.3.7 **Tréimhsí Ama d'Eisiúnú na n-Imeachtaí**
Déanann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 foráil nach n-eiseofar aon Litir Rabhaidh ná Fógra Forfheidhmithe agus nach dtosófar aon imeachtaí do chion:
1. Maidir le forbairt nuair nach bhfuil aon chead tugtha, ina dhiaidh 7 mbliana ó dháta tosaithe na forbartha, agus;
 2. Maidir le forbairt ar a mbronnadh cead, ní chuirfear tús le haon imeachtaí 7 mbliana ina dhiaidh easanálú saoil an cheada sin.
- 9.6.3.8 **Ainmneacha na nDaoine a Ionchúisíodh a Fhoilsiú**
Foilseoidh an Roinn Pleanála ainmneacha na ndaoine siúd a ionchúisíodh le haghaidh sárúithe na reachtaíochta pleanála sna meáin chlóite áitiúil.

Nóta: Ní cheart a mheas gur míniú dlíthiúil é seo ar fhorálacha na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 - 2006 agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 - 2007.

Tábhachtach : Ní féidir cigireacht a dhéanamh ar ghearáin gan ainm / béil.

9.7 MONATÓIREACHT & ATHBHREITHNIÚ

Déanann an tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000 foráil faoi:

Alt 15 (1) go mbeidh sé de dhualgas ag Údarás Pleanála glacadh le céimeanna dá leithéid a thiteann laistigh dá chumhachtaí a d'fhéadfadh a bheith riachtanach d'fhonn cuspóirí an Phlean Forbartha a dhaingniú, agus;

Alt 15 (2) go dtabharfaidh Bainisteoir an Údaráis Phleanála, laistigh de 2 bhliain óna ndéantar an Plean Forbartha, tuarascáil chuig baill an Údaráis Phleanála maidir leis an dul chun cinn a baineadh amach maidir le daingniú na gcuspóirí arna dhéanamh tagairt dóibh i bhfo-alt (1).

Tá an tÚdarás Pleanála tiomanta don Straitéis Forbartha, arna chuir i láthair do Chontae na Mí sa Phlean Forbartha seo, a dhaingniú. I dteannta leis na riachtanais sainordaitheacha um athbhreithniú ratha an fhorfheidhmithe den Phlean Forbartha de réir mar atá san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, moltar go n-áireoidh an Roinn Pleanála & Eacnamaíochta agus a gcuid Pleananna Feidhmiúcháin bhliantúla á ullmhú acu (mar chuid de nochtadh an Phlean Corparáideach) spriocdháta le haghaidh réadú na gcuspóirí sa Phlean Forbartha mar a bhaineann lena Roinn. Beidh cur chuige comhchosúil de dhíth ó na Ranna Bonneagair, Tithíochta & Comhshaoil in ullmhú a gcuid Pleananna Feidhmiúcháin bliantúla.

Aontaíodh chomh maith chun foras forfheidhmithe a bhunú laistigh den Údarás Áitiúil ina mbeidh oifigigh sinsearacha agus baill tofa ann a mbeidh de chúram acu a chinntiú go nglacfar leis na bearta riachtanacha go léir d'fhonn réadú an Phlean Forbartha Contae a dhaingniú. Bheadh sé mar fheidhm an fhorais seo tuairisciú don Chomhairle Iomlán maidir le forfheidhmiú an Phlean Forbartha Contae. Aontaíodh ar an nGrúpa Polasaí Corparáide le bheith mar an foras cuí, le cúram leasaithe, chun freastal ar an tasc seo. Is é cuspóir an Ghrúpa Forfheidhmithe ná athmheasúnú a dhéanamh ar an Straitéis Forbartha a chuireadh i láthair do Chontae na Mí agus na cuspóirí saineúla atá sa Phlean Forbartha chun amhlaidh a bhaint amach ag cuimhneamh ar choinníollacha eacnamaíochta athraithe a rachaidh i bhfeidhm ar infheistíocht phoiblí agus phríobháideach agus na riachtanais athraithe de dhaonra Chontae na Mí. Iarrfaidh an Grúpa Forfheidhmithe meicníochtaí maoinithe a aithint agus díriú orthu agus a dheimhniú chomh maith go gcloíonn forbairtí na talún le cuspóirí an Phlean Forbartha.

Moltar freisin sraith tuarascálacha monatóireachta a tháirgeadh i dteannta le sonraí pleanála gaolmhara eile de réir mar a iarrann an Rialtas. Baineann na tuarascálacha monatóireachta leis na príomh réimsí seo:

- Tithíocht - monatóireacht na hinfhaighteachta talún cónaithí, soláthar na talún tithíochta, forfheidhmiú na Straitéise Tithíochta le haird ar sheachadadh na tithíochta sóisialta agus inacmhainne;
- Fostaíocht - monatóireacht na hinfhaighteachta talún fostaíochta agus soláthar na talún fostaíochta straitéisí, agus;
- Staitisticí na n-iarratas pleanála - monatóireacht na gCineálacha Ceantair Tuaithe agus feidhmiú an Pholasaí Tithíochta Tuaithe.

